RABHADH

**Caithfear an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2008, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid I agus **ceithre** cheist as Cuid II. Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid I.

**CUID I (120 marc)**

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**CUID II (200 marc)**

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID II A FHREAGAIRT.**

# CUID I (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc.

**1.** Cén fáth a mbíonn Praghasleaisteachas an Éilimh ar uaineoil na hÉireann i margadh na Fraince níos aired de ghnáth ná i margadh na hÉireann?

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Cuir sonraí staitistiúla reatha ar fáil maidir le hEarnáil Talmhaíochta na hÉireann mar atá léirithe thíos.

| | |
|---|---|
| % de thalamh talmhaíochta na hÉireann ar a bhfástar barra | |
| Líon na nGabháltas Feirme in Éirinn | |

**3.** Mínigh cad is ciall le Treoir AE? ______________________________________________

______________________________________________

**4.** Déan comparáid idir fhreagairt aschuir (táirgeacht) gnólacht déantúsaíochta agus fhreagairt aschuir (táirgeacht) feirm theaghlaigh i gcor chun donais san eacnamaíocht.

______________________________________________

______________________________________________

**5.** Sa teoiric eacnamaíochta cad is ciall leis an téarma **Táirge Teorannach** (TT)?____________________

______________________________________________

**6.** Mínigh difríocht **amháin** idir Dímheas de réir Mhodh na Dronlíne agus Dímheas de réir

Mhodh an Iarmhéid Íslithe: ______________________________________________

______________________________________________

**7.** Luaigh **dhá** impleacht do thalmhaíocht na hÉireann a bhaineann le méadú an AE.

(i) ______________________________________________

(ii)______________________________________________

**8.** Mínigh an chúis eacnamaíochta ar cheart d'fheirmeoirí agus do phróiseálaithe na hÉireann sainfheidhmiú (speisialú) seachas éagsúlú a dhéanamh ar a dtáirgeadh.__________________________

______________________________________________

**9.** Mínigh cén fáth nach gnáthchleachtas é **imeascadh cuasai-ingearach** i dtalmhaíocht na hÉireann.

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Luaigh **dhá** shampla talmhaíochta de dhul chun cinn sa teicneolaíocht a chuidíonn le breis aschuir a bhaint as méid áirithe acmhainní:

(i) ______________________ (ii) ______________________

**11.** Mínigh cad is ciall le **Luach Caipitlithe** Sócmhainne. ______________________

______________________

**12.** Cad a thuigeann tú leis an téarma **traschomhall** (tras-chomhlíonadh) maidir le híocaíochtaí talmhaíochta an AE?

______________________

______________________

**13.** Luaigh **dhá** cheann de na trí thréimhse táirgeachta a aithnítear nuair a bhíonn soláthar á phlé:

(i) ______________________ (ii) ______________________

**14.** Déan idirdhealú idir íocaíochtaí **cúpláilte** agus íocaíochtaí **díchúpláilte** san fheirmeoireacht.

______________________

______________________

**15.** Mol buntáiste féideartha **amháin** a bhaineann leis an mbiteicneolaíocht i dtaca le soláthar bia.________

______________________

**16.** Cad is ciall leis an téarma **coinníoll na caillroinnte** i gcúrsaí árachais

______________________

______________________

**17.** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an SCCT (*REPS*) d'fhorbairt na talmhaíochta in Éirinn:

______________________

**18.** Mínigh conas a chuireann Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) leas fheirmeoirí na hÉireann chun cinn.

______________________

______________________

**19.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** locht ar pholasaí cabhrach bia chun cuidiú le tíortha atá i mbéal forbartha.

(i) ______________________

(ii) ______________________

**20.** Luaigh **dhá** chúis leis na harduithe ar phraghsanna idirnáisiúnta gránach le déanaí:

(i) ______________________ (ii) ______________________

**Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn II a fhreagairt.**

# CUID II (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná scríobh** freagraí Chuid II ar an gceistpháipéar seo.

**1. (a)** Scríobh cuntas ar phróiseáil mairteola in Éirinn faoi **gach ceann** de na ceannteidil seo a leanas:

(i) úinéireacht na hacmhainne próiseála;

(ii) príomh-asraonta margaidh;

(iii) breisluach;

(iv) iomaíocht ó tháirgeoirí neamh-AE.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht a bhaineann leis an díchúpláil le haghaidh tháirgeoirí mairteola na hÉireann.

**[50 marc]**

**2.** Is clár Comhardaithe Feirme é seo a leanas:

| **Sócmhainní** | **€** | **Dliteanais** | **€** |
|---|---|---|---|
| Seasta<br>Reatha nó Leachtach | 1,250,000<br>300,000 | Fadtéarmach<br>Reatha<br>Glanfhiúchas | 250,000<br>45,000<br>? |
| Iomlán | 1,550,000 | | ? |

**(a)** Ríomh na dliteanais iomlána agus an glanfhiúchas ón gClár Comhardaithe thuas.

**(b)** Déan amach, agus an cóimheas ábhartha á úsáid agat, cé acu sócmhainneach nó féimheach atá an fheirm. Taispeáin do chuid oibre **agus** mínigh do fhreagra.

**(c)** Mínigh **trí** thoisc a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chinneadh bainisteoir bainc tuilleadh iasachtaí a cheadú.


**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbíonn gá ag an bhfeirmeoireacht le cuid mhaith caipitil bhreise le himeacht ama.

**[50 marc]**

**3.** Léiríonn an léaráid thíos an coibhneas idir leibhéil éagsúla aschuir ar fheirm agus na costais a bhaineann leo.

**(a)** Déan cóip den léaráid seo i do fhreagarleabhar agus cuir lipéad orthu seo:

(i) Aiseanna
(ii) Costais Sheasta (CS)
(iii) Costais Iomlána (CI)
(iv) Ioncam Iomlán (I I)




**(b)** Bain úsáid as do léaráid agus mínigh an chúis atá leis an gcruth ar Chuar an Chostais Iomláin **agus** ar Chuar an Ioncaim Iomláin.

**(c)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé inmholta don fheirmeoir leanúint den táirgeadh níos faide ná an leibhéal aschuir **(OP)**.

**(d)** Mínigh, le cabhair na léaráide, conas a dhéantar an leibhéal aschuir is brabúsaí a shainaithint.

**[50 marc]**


**4.** **(a)** Sainmhínigh an téarma **cúngach praghsanna costas.**

**(b)** Mínigh an bhaint atá ag éileamh ar tháirge **agus** ag soláthar táirge le cúngach praghsanna costas agus tagairt agat do threochtaí reatha san fheirmeoireacht in Éirinn.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** straitéis choigeartaithe a d'fhéadfadh feirmeoirí a ghlacadh chucu mar fhreagra ar an gcúngach praghsanna costas.

**[50 marc]**

**5.** Léiríonn an léaráid thíos dhá chuar éilimh ar an im. Seasann cuar amháin d'im Éireannach a bhfuil éileamh air ar an margadh baile (DH) agus seasann an ceann eile don im Éireannach a bhfuil éileamh air ar an margadh onnmhairíochta (DE).



**(a)** Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Cuir lipéad ar na haiseanna, ar chuar an éilimh ar an margadh baile (DH) agus ar chuar an éilimh ar an margadh onnmhairíochta (DE).

**(b)** Mínigh an chúis atá leis an gcruth ar **gach** cuar éilimh díobh.

**(c)** Bain úsáid as léaráid eile agus tarraing cuar an éilimh iomláin ar im Éireannach. Mínigh an cruth atá ar an gcuar.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar éileamh tomhaltóra ar tháirge.

**[50 marc]**

**6.** **(a)** Tá claonadh i bpraghsanna talmhaíochta a bheith ag luainiú le himeacht ama. Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna eacnamaíochta leis sin.

**(b)** Mínigh an téarma **bearna ioncaim** agus tabhair breac-chuntas ar na teorainneacha atá leis mar uirlis tomhais.

**(c)** Tabhair breac-chuntas an gcúis a bhféadfadh ioncaim thalmhaíochta a bheith difriúil faoin tSaorthrádáil *versus* faoin Trádchosaint.

**[50 marc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i gCuid II a fhreagairt.***

Leathanach Bán

Leathanach Bán